Irish Declaration of Independence

1918 Suaitheantas Toghcháin  
Liam De Roiste agus cóipeanna  
de Dhearbhú Neamhspleáchas  
na hÉireann



## Democratic Programme of the First Dáil

We declare in the words of the Irish Republican Proclamation the right of the people of Ireland to the ownership of Ireland, and to the unfettered control of Irish destinies to be indefeasible, and in the language of our first President. Pádraig Mac Phiarais, we declare that the Nation's sovereignty extends not only to all men and women of the Nation, but to all its material possessions, the Nation's soil and all its resources, all the wealth and all the wealth-producing processes within the Nation, and with him we reaffirm that all right to private property must be subordinated to the public right and welfare.

We declare that we desire our country to be ruled in accordance with the principles of Liberty, Equality, and Justice for all, which alone can secure permanence of Government in the willing adhesion of the people.

We affirm the duty of every man and woman to give allegiance and service to the Commonwealth, and declare it is the duty of the Nation to assure that every citizen shall have opportunity to spend his or her strength and faculties in the service of the people. In return for willing service, we, in the name of the Republic, declare the right of every citizen to an adequate share of the produce of the Nation's labour.

## Clár Oibre Poblacanaighe

Dearbhuighimid, i mbriathraibh forfhógra Saorstáit Éireann go bhfuil sé de cheart ag muinntir na hÉireann sealbh na hÉireann do bheith aca agus cinneamhain an náisiúin do bheith fé n-a riar, agus nách féidir an ceart san do bhaint díobh; agus fébh mar dubhairt ár gceud Uachtarán Pádraig Mac Phiarais, dearbhuighimid gur ceart go mbeadh, ní amháin fir agus mná na hÉireann, acht adhbhar maoin na hÉireann fé riaradh an náisiúin, idir talamh agus gustal na hÉireann, gach sadhas maoin agus gach gléas chun maoin do sholáthairt dá bhfuil san tír; agus athfhógraimid an rud d'fhógair an Píarsach gur dual go mbéadh tosach ag ceart an phobuil chun leasa an phobuil ar cheart an duine chun seilbhe fé leith.

Dearbhuighimid gur mian linn an ceart, an tsaoirse agus cothrom do chách a bheith mar bhuntacaí riaghlughadh na tíre, agus ná fuil d'urradhas le buanughadh Riaghaltais ná saorthoiliughadh na ndaoine chuige ach é.

Dearbhuighimid go bhfuil sé de dhualgas ar gach fear agus gach mnaoi bheith umhal, díleas, freagarthach agus freastalach don Phobalacht; agus go bhfuil sé de dhualgas ar an náisiúin feuchaint chuige go mbeidh caoi ag gach duine san tír ar a cheart agus a acfuinn féin do chur i bhfeidhm ar mhaithe le leas an phobuil. Mar chúiteamh ar fhreagra is freastal na ndaoine, dearbhuighimid i n-ainm an

It shall be the first duty of the Government of the Republic to make provision for the physical, mental and spiritual well-being of the children, to secure that no child shall suffer hunger or cold from lack of food, clothing, or shelter, but that all shall be provided with the means and facilities requisite for their proper education and training as Citizens of a Free and Gaelic Ireland.

The Irish Republic fully realises the necessity of abolishing the present odious, degrading and foreign Poor Law System, substituting therefor a sympathetic native scheme for the care of the Nation's aged and infirm, who shall not be regarded as a burden, but rather entitled to the Nation's gratitude and consideration. Likewise it shall be the duty of the Republic to take such measures as will safeguard the health of the people and ensure the physical as well as the moral well-being of the Nation.

It shall be our duty to promote the development of the Nation's resources,

tSaorstáit, gur dual do gach duine a cion féin de thoradh saothair an náisiúin a bheith aige.

Isé an príomhchúram a bheidh ar Riaghaltas an tSaorstáit ná gleusa soláthar chun leas corpordha, leas spioradálta agus leas inntleachta na leanbhaí do chur i n-áirithe dhóibh; feuchaint chuige ná béidh an t-ocras ná an fuacht ag goilleamhaint ar éin leanbh de cheal bídh, eudaigh ná dín tigh; acht go bhfaghaidh siad gach cóir agus gleus is gádh dhóibh chun teagaisc agus taithighe ceart do thabhairt dóibh i gcóir na hoibre a bheidh le deunamh aca mar chomhaltaí den tSaorstát Gaedhealach.

Is follus do Shaorstát Éireann nach foláir an dlíthe gránna iasachta a bhainnean le Tighthe na mBocht i nÉirinn agus gach a ngabhann leis de chéimsíos is de náire, do chur ar ceal, agus plean éifeachtach éigin do cheapadh a bheidh oireamhnach don tír chun aire cheart do thabhairt do sheandaoineibh agus do lagaibh an náisiúin, daoine a thuilleann freastal agus buidheachas ón náisiún i n-ionad tarcuisne agus neamhshuime. Na theannta son, beidh sé de chúram ar an Saorstát gach gleus is áis dár gádh a chur i bhfeidhm chun sláinte an phobuil agus leas corpordha an náisiúin, agus leas anama an náisiúin dá bharr do chur i n-áirithe dhóibh.

Beidh sé de dhualgas orainn cabhrughadh le meudughadh gustail

to increase the productivity of its soil, to exploit its mineral deposits, peat bogs, and fisheries, its waterways and harbours, in the interests and for the benefit of the Irish people.

It shall be the duty of the Republic to adopt all measures necessary for the recreation and invigoration of our Industries, and to ensure their being developed on the most beneficial and progressive co-operative and industrial lines. With the adoption of an extensive Irish Consular Service, trade with foreign Nations shall be revived on terms of mutual advantage and goodwill, and while undertaking the organisation of the Nation's trade, import and export, it shall be the duty of the Republic to prevent the shipment from Ireland of food and other necessities until the wants of the Irish people are fully satisfied and the future provided for.

It shall also devolve upon the National Government to seek co-operation of the Governments of other countries in determining a standard of Social and Industrial Legislation with a view to a general and lasting improvement in the conditions under which the working classes live and labour.

an náisiúin, an talamh a dheunamh níos torthamhla agus níos ionsaorthruighthe; mianach na hÉireann, a portaigh mhóna, a cuid iascaigh, a bealaigh uisce, agus a cuanta do chur chun críche i ceart chun tairbhe muinntire na hÉireann.

Beidh sé de dhuilgias ar an Saorstát gach níd is gádh do dheunamh chun ár ndéantúsa d'aithbheóchaint is do neartughadh agus feuchaint chuige go saothróchfar iad do réir "comhar oibre" ar an gcuma is fearr 's is oireamhnaighe 's is mó raghaidh i dtairbhe do chách. Cuirfar feadhannaigh ó Éirinn go tíortha thar lear d'fhonn ceannuidheacht agus tráchtáil do chur chun cinn idir Éire agus na tíortha úd, a raghaidh i leas don tír seo agus dosna tíortha eile. Nuair a thabharfaidh an Saorstát fé thráchtáil an náisiúin, idir díoluidheacht agus ceannuidheacht, do riarad, beidh sé de dhuilgias ar an Saorstát gan biadh ná earraí eile go bhfuil gádh leó do leigint thar lear ó Éirinn go mbiedeh a leórdhóthain fachtá ag muinntir na hÉireann, agus a sáith i dtaisce aca i gcóir an ama le teacht.

Beidh sé de chúram ar Riaghaltas an Náisiúin, leis, a iarraidh ar Riaghaltaisí tíortha eile cabhrughadh agus comhoibriughadh ar chomh-chéim leó chun dlíghthe i dtaobh gnáthshaoghail agus gnáth-oibre an phobuil do cheapadh a chuirfidh feabhas mór ar an gcóirughadh saoghail is saothair a bhíonn le fághail ag lucht oibre.

# TO THE ELECTORS OF MID CORK.

A CHAIRDA,

As the Sinn Féin Candidate for the Constituency of Mid Cork, Mr. Terence MacSwiney, B.A., is at present, with many sturdy and uncompromising advocates of National Liberty, languishing in an English Jail, and thereby precluded from issuing the usual Election Address, we therefore, on his behalf, beg to your notice a resume of the Principles for which he stands, and which—we pledge you—he will uphold.

Terence MacSwiney is a man whose Patriotism has stood the Acid Test, who has conceived no risk too great and no sacrifice too high in the effort to serve the Cause of Ireland's Freedom, and keep her flag unsoiled.

He believes, like Peadar Kirby, that the root of Ireland's trouble lies in English Domination; that hunger would not haunt her fertile Valleys if Ireland were free; that under a Free Ireland the resources of the Country would be opened up, rivers harnessed for new industries, agriculture improved, fisheries protected, that claims of the Working Classes would receive due recognition, and that the life of the Nation would thrrob with prosperity and commercial activity.

*He feels as we do that under Foreign domination our Country is being exploited in the interests of our Rulers, our mining and industrial resources underdeveloped, our internal trade retarded and discouraged, and the Country's commercial progress choked in manifold ways.*

He holds that under Foreign Control the Country is bled white through iniquitous Taxation; that our population has diminished by half and that the NEGLECTED CONDITION OF OUR COUNTRY'S RESOURCES makes Emigration the only outlook of our sturdy youth.

He holds that Ireland is a struggling "Small Nationality"; that her struggle has lasted for 7 centuries, and that in accordance with the lofty Principles of President Wilson Ireland is entitled to SELF-DETERMINATION regardless of the material interest or advantages of any other Nation or people which may desire a different settlement for the sake of its own External Influence or Mastery.

He believes in demanding the Full Measure of Ireland's Rights, and he declines to lower the National Standard on mere grounds of expediency. He believes that if the DUTCH, THE DANES, THE SWEDES AND SWISS are able to manage their own affairs independently of Foreign Control, that the IRISH are equally capable.

*Tríslach MacSuibhne stands for the SOVEREIGN INDEPENDENCE OF IRELAND. That is the only claim that can be recognized by the Peace Conference. If you fail to support Terry MacSwiney, you condemn your own people before the gaze of the whole world, to the one race unfit to govern themselves.*

ISSUED BY THE MID CORK SINN FEIN EXECUTIVE ELECTION COMMITTEE ON BEHALF OF *Tríslach MacSuibhne, B.E.*

"Beidh Éire Againn Fe Reim."

*Subscriptions, to defray Election Expenses, will be received by the undersigned—*

REV. J. BREEN, C.C., Millstreet; REV. J. J. O'SULLIVAN, C.C., Millstreet.

REV. J. J. O'SULLIVAN, C.C., Millstreet; REV. J. J. O'SULLIVAN, C.C., Millstreet; REV. J. J. O'SULLIVAN, C.C., Millstreet; REV. J. J. O'SULLIVAN, C.C., Millstreet.

Printed by the Executive by Gorman, Breen, & Co., Millstreet.

Election Poster 'To The Electors of Mid Cork' - Sinn Féin Executive Election Committee on behalf of Terence MacSwiney

Póstaer Toghcháin 'To The Electors of Mid Cork' - Coiste Toghcháin Feidhmiúcháin Shinn Féin thar ceann Toirdhealbhach Mac Suibhne

## Declaration of Independence

Whereas the Irish people is by right a free people.

And Whereas for seven hundred years the Irish people has never ceased to repudiate and has repeatedly protested in arms against foreign usurpation.

And Whereas English rule in this country is, and always has been, based upon force and fraud and maintained by military occupation against the declared will of the people.

And Whereas the Irish Republic was proclaimed in Dublin on Easter Monday, 1916, by the Irish Republican Army acting on behalf of the Irish people.

And Whereas the Irish people is resolved to secure and maintain its complete independence in order to promote the common weal, to re-establish justice, to provide for future defence, to insure peace at home and goodwill with all nations and to constitute a national polity based upon the people's will with equal right and equal opportunity for every citizen.

## Faisnéis Neamhspleadhchuis

De bhrígh gur dual do mhuintir na hÉireann bheith n-a saor náisiún.

Agus de bhrígh nár staon muintir na hÉireann riamh le seacht gcéad bliadhain ó dhiúltadh d'annsmacht Gall agus ó chur ina choinnibh go minic le neart airm.

Agus de bhrígh ná fuil de bhunadhas agus ná raibh riamh de bhunadhas le dlíghé Shasana san tír seo acht foiréigean agus calaois, agus ná fuil de thaca leis ach sealbh lucht airm I n-aimhdheóin dearbhthola muintire na hÉireann.

Agus de bhrígh go ndéarna Saor-Arm na hÉireann Saorstát ireann d'fhorfhógairt I mBaile Átha Cliath Seachtmhain na Cásca 1916 ar son muintire na hÉireann.

Agus de bhrígh go bhfuil muintir na hÉireann lán-cheeaptha ar neamhspléadhchuis iomlán do bhaint amach agus do chosaint dóibh féin d'fhonn leas an phobuil do chur chun cinn, an ceart d'athchur ar a bhonnaibh, an tsíothcháin I nírinn agus caradas le náisiúnaibh eile do chur I n-áirithe dhóibh féin agus féineachus náisiúan tsíothcháin I nírinn agus caradas le náisiúnaibh eile do chur I n-áirithe dhóibh féin agus féineachus náisiúnta do cheapadh go mbeidh toil na ndaoine mar bhunudhas leis agus cothrom cirt is caoitheamhlachta dá bharr ag gach duine I nÉirinn.

And Whereas at the threshold of a new era in history the Irish electorate has in the General Election of December, 1918, seized the first occasion to declare by an overwhelming majority its firm allegiance to the Irish Republic.

Now, therefore, we, the elected Representatives of the ancient Irish people in National Parliament assembled, do, in the name of the Irish nation, ratify the establishment of the Irish Republic and pledge ourselves and our people to make this declaration effective by every means at our command.

We ordain that the elected Representatives of the Irish people alone have power to make laws binding on the people of Ireland, and that the Irish Parliament is the only Parliament to which that people will give its allegiance.

We solemnly declare foreign government in Ireland to be an invasion of our national right which we will never tolerate, and we demand the evacuation of our country by the English Garrison.

We claim for our national independence the recognition and support of every free nation in the world, and we proclaim that independence to be a condition precedent to international peace hereafter.

Agus de bhrígh go ndéarna muinntir na hÉireann, agus sinn I mbéal ré nuadha de stair an domhain, feidhm a bhaint as an Olltoghadh, Mí na Modlag, 1918, chun a dhearbhuighadh de bhreis adhbhalmhóir gur toil leó bheith díleas do Shaorstát Éireann.

Ar an adhbhar son deirimídne .i.na teachtaí atá toghtha ag muinntir na hÉireann agus sinn I nDáil Chomhairle I dteannta a chéile, bunughadh Saorstáit d'áth-dheimhniughadh I n-ainm náisiún na hÉireann agus sinn féin do chur fá gheasaibh an deimhniughadh so do chur I bhfeidhm ar gach slighe ar ár gcumas.

Órduighmíd ná fuil de chomhacht ag éinne ach amháin ag na Teachtaíbh toghtha ag muinntir na hÉireann dlíghthe dhéanamh gur dual do mhuintir na hÉireann géilleadh dhóibh, agus ná fuil de pháirliment ann go mbeidh an náisiún umhal do ach amháin Dáil Éireann.

Dearbhuighmíd ná fuilingeóchaimíd go bráth an cumhangcas atá dá dhéanamh ag an annsmacht Ghallda ar ár gceart náisiúnta agus éilighmíd ar chamthaí na Sasanach imtheacht ar fad as ár dtír.

Ilighimíd ar gach saornáisiún ar domhan neamhspleádhchus na hÉireann d'admháil agus fógraimíd gurab éigean ár neamhspleádhchus chun síothcháin a chur I n-áirithe do'n domhan.



In the name of the Irish people we humbly commit our destiny to Almighty God who gave our fathers the courage and determination to persevere through long centuries of a ruthless tyranny, and strong in the justice of the cause which they have handed down to us, we ask His divine blessing on this the last stage of the struggle we have pledged ourselves to carry through to Freedom.

I n-ainm muinntire na hÉireann cuirimid ár gcinneamhaint fé chomairce Dhia an Uile-Chomhacht do chuir misneach agus buan-tseasmhacht n-ár sinnsear chun leanamhaint leó go treun les na céadta bliadhain gcoinnibh tíoránachta gan truagh gan [15] taise: agus de bhrìgh gur móide an neart an ceart a bheith againn san troid d'fhágadar mar oighreacht againn, aithchuingimiíd ar Dhia A bheannacht do bhronnadh orainn I gcóir an treasa deiridh den chomhrac go bhfuilimid fé gheasaibh leanmhaint do go dtí go mbainfeam amach an tsaoirse.




Group photograph of members of the First Dáil present on 22 January 1919  
Grianghraf ghrúpa de bhail an Chéad Dáil i a bhí i láthair an 22ú Eanáir 1919

# Biographies

of the TDs from Cork  
in the First Dáil

Michael Collins was born on the 16th of October 1890 in Woodfield, Hugh's Cross, near Clonakilty, County Cork. His family had republican connections reaching back to the 1798 rebellion. As a very young man he moved to London to work for the Post Office, but had returned to Ireland by 1916 where he played a major part in the Easter Rising, for which he was imprisoned.

He was elected to the First Dáil to represent the Cork South area. Collins was absent on the day as he was keeping a low profile, trying to stay under the radar of the British Forces while planning the prison escapes of De Valera and Griffith. He was also subsequently appointed as Minister of Finance for the first Dáil. Michael Collins was a formidable character who also served as Director of Organisation and Adjutant General for the Irish Volunteers and Director of Intelligence of the Irish Republican Army during the War of Independence. Michael Collins was assassinated on the 22nd of August 1922 during the Irish Civil War. He is buried in Glasnevin Cemetery in Dublin. Many artefacts relating to Michael Collins can be viewed at Michael Collins House, Clonakilty.



# Beathaisnéisí

de na Teachtaí Dála ó Corcaigh  
ar an Chéad Dáil

Rugadh Mícheál Ó Coileáin ar an 16ú Deireadh Fómhair 1890 i Doire Luain, Hugh's Cross, in aice le Cloich na Coillte, Contae Chorcaí. Bhí naisc phoblachtacha ag a theaghlach ag dul siar go dtí éirí amach 1798. Mar fhear an-óg bhog sé go Londain chun obair san Oifig an Phoist, ach d'fhill sé go hÉirinn faoi 1916, áit a ghlac sé páirt an-mhór d'Éirí Amach na Cásca. Cuireadh i bpriosún é mar thoradh de sin.

D'ionadaigh sé do dháilcheantar Chorcaigh Theas san chéad Dáil. Bhí sé as láthair ar an lá toisc go raibh sé ag púcaíocht ó fórsaí na Breataine, agus ag ullmhú pleananna éalú ar son De Valera agus Ó Griobhtha, a bhí fós i bpriosún. Ina dhiaidh sin ceapadh é mar Aire Airgeadais don chéad Dáil. Ba charachtar iontach é Michael Collins a bhí mar Stiúrthóir Eagraíochta agus Ardaidiúnach d'Óglaigh na hÉireann, agus Stiúrthóir Faisnéise Arm Poblachtach na hÉireann le linn Cogadh na Saoirse. Dhúnmharaíodh Mícheál Ó Coileáin ar an 22ú Lúnasa 1922 le linn Cogadh Cathartha na hÉireann. Tá Mícheál Ó Coileáin curtha i Reilig Ghlas Naíon i mBaile Átha Cliath. Is féidir breathnú ar go leor déantúsáin a bhaineann le Mícheál Ó Coileáin ag Teach Uí Choileáin, i gCloich na Coillte.


Liam de Róiste was born on the 29th of June 1882, in Fountainstown, the son of primary school teachers. De Róiste was a fluent speaker of Irish and supported its promotion. In 1899 he was one of the founding members of the Cork branch of the Gaelic League, the organisation now known as Conradh na Gaeilge. De Róiste was elected to represent Cork city in the First Dáil but was unable to attend on the first day of sitting. He was also very active in local politics in Cork until his retirement from politics in 1950. He died on the 15th of May 1959 and is buried at St. Joseph's Cemetery, Glasheen, Cork.



Rugadh Liam de Róiste ar an 29ú Meitheamh 1882, i Baile Mhontáin, mac le múinteoirí bunscoile. Ba é cainteoir gaeilge líofa a agus thug sé tacaíocht do dul chun cinn an teanga. Bhí sé ar cheann de na baill bhunaithe de chuid brainse Chorcaí den Gaelic League i 1899, an eagraíocht ar a dtugtar

Conradh na Gaeilge anois. D'ionadaigh sé do dháilcheantar Chathair Chorcaí sa Chéad Dáil i 1919 ach ní raibh sé in ann freastal ar an gcéad lá den suí. Bhí sé an-ghníomhach freisin i bpolaíocht áitiúil i gCorcaigh go dtí go scoir sé as an bpolaíocht i 1950. Fuair sé bás ar an 15ú Bealtaine 1959 agus tá sé curtha i Reilig Iósaif, an Ghlaisín, Corcaigh.

Sean Hayes was born in Glandore in West Cork. He was editor for the Southern Star newspaper. During the Easter rising he fought in the GPO, and was elected as TD to the first Dáil to represent West Cork. He continued to sit in successive sitting Dalaí until 1923 when he chose to not seek re-election. He died in 1941.



Rugadh Seán Ó hAodha i Cuan Dor in Iarthar Chorcaí. Bhí sé ina eagarthóir ar nuachtán an Southern Star. Throid sé sa GPO le linn eirí amach na Cásca. D'ionadaigh sé do dháilcheantar Iarthar Chorcaí sa Chéad Dáil i 1919. Lean sé ag suí ina dhiaidh sin i Dalaí go dtí 1923 nuair a rinne sé

cinneadh gan seasamh a thuilleadh. Fuair sé bás i 1941.

Thomas Hunter was born on the 10th of November 1883 in Castletownroche. As a youth he moved to Dublin to apprentice at a drapers. While in Dublin he was a member of the IRB, the Irish Volunteers and the Gaelic League, and played a significant role in the Easter Rising as well as in the procurement of Arms. He was imprisoned in the aftermath of the Rising and along with others took part in the Hunger Strikes. He was elected to the first Dáil while still serving in prison. He was elected to represent Cork North East. Hunter died at home in Glanworth, County Cork of heart disease on 11 March 1932 . It is supposed that his heart condition was the result of his participation in the hunger strikes.



Rugadh Tomás Ó Fiachra ar an 10ú Samhain 1883 i Baile Chaisleáin an Róistigh. nuair a bhí sé fós óg bhog sé go Baile Átha Cliath chun printiseacht a dhéanamh le éadaitheoir. Cé gur i mBaile Átha Cliath a bhí sé ina bhall den IRB, Óglaigh na hÉireann agus the Gaelic League (Conradh na Gaeilge), agus

bhí ról suntasach aige i Éirí Amach na Cásca chomh maith le sin, ag soláthar Armas. Rinneadh príosúnacht air i ndiaidh an Éirí Amach agus ghlac sé páirt sna Stailcí Ocráis. D'ionadaigh sé do dháilcheantar Thuaisceart Chorcaí san don chéad Dáil cé nach bhféadfadh sé freastal ar an gcéad chruinniú mar a bhí sé sa phríosún. Fuair Ó Fiachra bás sa bhaile i nGleannúir, Contae Chorcaí de ghalar croí ar an 11ú Márta 1932. Tá sé ceaptha go raibh fadhbanna croí aige mar thoradh ar a rannpháirtíocht sna stailceanna ocráis.

David Rice Kent was born on 2 February 1867 in Coole, Castletyons, County Cork, On 2 May 1916, David Kent, his mother Mrs. Rice Kent and his brothers—Thomas, William and Richard—were involved in a gunfight with members



Rugadh Daithí Ceannt ar an 2ú Feabhra 1867 ins An Chúil, Caisleán Ó Liatháin, Contae Chorcaí. Ar an 2ú Bealtaine, 1916, bhí Daithí Ceannt, a mháthair, Mrs. Rice Kent agus a dheartháireacha-Thomas, William agus Richard-páirteach i lámhach le baill

of the Royal Irish Constabulary (RIC) during an arrest operation following the Easter Rising in Dublin. As a result of this David was transferred to Richmond Barracks in Dublin, where he was sentenced to death, this however was later reduced to penal servitude. Although it was a sentence which was initially supposed to last for life Kent was released within a year

He represented the Cork East constituency in the First Dáil, although he was not present at the first meeting. He continued to serve as a TD until 1927.


He died on 16 November 1930 at Bawnard, Castlelyons, County Cork.

den Constáblacht Ríoga na hÉireann (RIC) le linn oibríochta gabhála tar éis Éirí Amach na Cásca i mBaile Átha Cliath. Mar thoradh air seo aistríodh Dáithí chuig Beairic Richmond i mBaile Átha Cliath, áit ar cuireadh pianbhreith bás air, ach laghdaíodh é sin go dtí príosúnacht saoil ina dhiaidh sin. Cé gur pianbhreithe príosúnacht saoil a bhí i gceist dó i dtosach, scaoileadh Ceant laistigh de bhliain

D'ionadaigh sé do dháilcheantar Chorcaí Thoir sa Chéad Dáil, cé nach raibh sé i láthair ag an gcéad chruinniú.

Lean sé ag feidhmiú mar TD go dtí 1927. Fuair sé bás an 16ú Samhain 1930 ag Bawnard, Caisleán Ó Liatháin, Contae Chorcaí.

Diarmuid Lynch was born in 1878, in Granig, Tracton, Co. Cork. As a child he was influenced by politicians such as Charles Parnell. He became a member of the Irish Republican Brotherhood, and played a key role in planning the Easter Rising in 1916 and is believed to have been the last man to leave the GPO. He was initially sentenced to death, but his sentence was later commuted.



Diarmuid Ó Loingsigh  
Diarmuid Lynch


Rugadh Diarmuid Ó Loingsigh i 1878, in An Ghreanaigh, Trácht Fhionn, Co. Chorcaí. Bhí tionchar ag polaiteoirí ar nós Charles Parnell, i polataíocht Diarmuid. Bhí sé ina bhall de Bráithreachas Phoblacht na hÉireann, agus ghlac sé príomh-pháirt i pleanáil de Éirí Amach na Cásca i

1916 agus creidtear gurb é Ó Loingsigh an fear deireanach a d'fhág an GPO. Ar dtús cuireadh pianbhreith bás air, ach rinneadh a phianbhreith a iomarlartú ina dhiaidh sin.

He was elected to the first Dáil to represent the Cork South East area, but was notably missing on the 21st of January, being listed in the roll call as being “in exile”. he was in America at this time. In the thirties he returned to Tracton to live. He died on the 9th of November 1950

D'ionadaigh sé do dháilcheantar Oir-Dheiscirt Chorcaí sa Chéad Dáil, cé nach bhféadfadh sé freastal ar an gcéad chruinniú. Deireann se i rolla an chéad Dáil go raibh se “ar díbirt” . Bhí sé i Meiriceá ag an am seo. Sna tríochaidí d'fhill sé chuig Trácht Fhionnn chun cónaí. Fuair sé bás ar an 9ú Samhain de 1950.

Terence McSwiney was born on the 28th of March 1879 at 23 North Main Street, Cork City. He came from a very nationalist family from the Kilmurry area of Mid-Cork and was one of the founders of the Cork Brigade of the Irish Volunteers as well as President of the Cork branch of Sinn Féin. He founded a short-lived publication called “ Fianna Fáil” in 1914. He represented the mid Cork constituency in the First Dáil, although he could not attend the first meeting as he was in prison. In 1920 he was elected as Cork Lord Mayor after the death of Tomás MacCurtain. Shortly thereafter he was arrested for being in possession of seditious materials and sentenced by Court Martial to 2 years in Brixton Prison. While in prison he began a hunger strike along with a number of other compatriots. This hunger strike gained quite a bit



Rugadh Toirdhealbhach Mac Suibhne ar an 28ú Márta 1879 ag 23 An Phríomhshráid Thuaidh, Cathair Chorcaí. Tháinig sé ó theaghlach an-náisiúnaithe ó Cill Muire i lár Chorcaí, agus bhí sé ar cheann de bhunaitheoirí de Briogáid Chorcaí de Óglaigh na hÉireann chomh maith le hUachtarán ar an brainse Chorcaí de Sinn Féin. Bhunaigh sé foilseachán gearr-chónaithe ar a dtugtar “Fianna Fáil” i 1914. D'ionadaigh sé do dháilcheantar Chorcaigh-lárnach sa Chéad Dáil, cé nach bhféadfadh sé freastal ar an gcéad chruinniú mar a bhí sé sa phríosún. I 1920 bhí sé toghadh mar Ard-Mhéara Chorcaigh tar éis bás Tomás MacCurtain. Go gairid ina dhiaidh sin gabhadh é toisc go raibh ábhair ceannairceach aige. Fuair sé phianbhreith Armchúirte de 2 bhliain i bPríosún Brixton. Nuair a bhí sé sa phríosún thosaigh sé ag stailc ocrais



of international attention and inspired other independence movements worldwide. After 74 Days of hunger strike McSwiney died in prison on the 25th of October 1920. He is buried in the Republican plot in Saint Finbarr's Cemetery in Cork.

chomh maith le roinnt comhghleacaithe eile. Fuair an Stailc ocrais seo go leor aird idirnáisiúnta agus spreag sé gluaiseachtaí neamhspleáchais eile ar fud an domhain. Tar éis 74 Laethanta de Stailc Ocrais d'éag i bpríosún é an 25ú Deireadh Fómhair 1920. Tá Mac Suibhne curtha faoi thalamh san plota Poblachtach i Reilig Fhionnbharra i gCorcaigh.


---

Patrick ("Paudeen") O'Keeffe was born on the 3rd of July 1881 in Nohoval, Cullen, County Cork.

He fought in the Easter Rising in 1916 and was subsequently interned at Frongoch internment camp. He represented the Cork North constituency in the First Dáil, although he could not attend the first meeting as he was in prison.

He did not contest the 1922 elections. he served as Assistant Clerk for Seanad Éireann from the 1930s until his retirement in 1947.

O'Keeffe died on 20 September 1973.



Rugadh Pádraig ("Paudeen") Ó Caoimh ar an 3ú Iúil 1881 i Nuachabháil, An Cuileann, Contae Chorcaí.

Ghlac sé páirt in Éirí Amach na Cásca i 1916 agus ina dhiaidh sin bhí sé i ngéibheann san champa imtheorannachta Frongoch. D'ionadaigh sé do dháilcheantar

Chorcaí Thuaidh sa Chéad Dáil, cé nach bhféadfadh sé freastal ar an gcéad chruinniú mar a bhí sé i bpríosún.

Níor sheas sé don toghcháin i 1922. D'Obair sé mar Chléireach Cúnta do Sheanad Éireann ó na 1930í go dtí go scoir sé i 1947.

Fuair Ó Caoimh bás ar an 20ú Meán Fómhair 1973.

---

James Joseph Walsh, (J.J. Walsh) was born on the 20th of February 1880 in the townland of Rathroon, near Bandon, County Cork. He played a significant part in nationalist politics. He was involved in the founding of the Cork City Irish Volunteers, and he participated in the Easter Rising in 1916 in the G.P.O. He was sentenced to death after a court-martial at Richmond Barracks, but was subsequently then released the following year under a general amnesty. He represented the Cork City constituency in the First Dáil in 1919.

He later served as Postmaster General, (later Minister for Posts and Telegraphs) of the Irish Free State from 1923 to 1927.

Walsh was very interested in sports, particularly national sports. He was instrumental in establishing the 'revived' Tailteann Games and was also Chairman of the Cork County Council GAA.

Walsh died on the 30th of November 1948.



**S.S. Breathnach**  
James Joseph Walsh

Rugadh Séamus Seosamh Breatnach, (J. J. Walsh) ar an 20ú Feabhra 1880 i mbaile fearainn Ráth Sheathrúin, in aice Droichead na Bandan, Contae Chorcaí. Ghlac sé páirt shuntasach i bpolaitíocht na náisiúnachta. Bhí sé páirteach i mbunú Óglaigh na hÉireann i gCathair Chorcaí, agus ghlac sé páirt in Éirí Amach na Cásca i 1916 sa G.P.O. Cuireadh pianbhreith bás air tar éis armchúirte ag Beairic Richmond, ach scaoileadh é ansin tar éis bliain faoi párdún ginearálta. D'ionadaigh sé do dháilcheantar Chathair Chorcaí sa Chéad Dáil i 1919.

Ina dhiaidh sin d'obair sé mar Ard mháistir Poist, (agus níos déanaí mar an tAire Poist agus Telegrafa) de Shaorstát na hÉireann ó 1923 go 1927.

Bhí spéis mhór ag Breatnach i Spórt, go háirithe spóirt náisiúnta. Bhí Breatnach ríthábhachtach do athbheochan de na Cluichí 'Tailteann' agus bhí sé ina Chathaoirleach ar CLG Chomhairle Contae Chorcaí freisin.

Fuair S.S. Breatnach bás ar an 30ú Samhain, 1948.

This commemorative booklet has been produced by Cork County Council through its Corporate Affairs Directorate and Commemorations Committee to commemorate the centenary of the First Dáil. Text and Editing was carried out by Claire Looney O'Sullivan, Aileen Loughrey and Conor Nelligan and the overall layout and design was undertaken by James Hussey of Imagination Designs. Cork County Council would like to acknowledge Glen Dunne of the National Library of Ireland and Dan Breen, Curator, Cork Public Museum, for use of the many images that feature in this publication. 200 no. copies have been produced.

Tá an leabhrán comórtha seo curtha ar fáil ag Comhairle Contae Chorcaí trína Stiúrthóireacht um Séirbhísí Corparáideacha agus an Coiste Comórtha chun comóradh céad bliain a dhéanamh ar an Chéad Dáil. Rinne Claire Looney O'Sullivan, Aileen Loughrey agus Conor Nelligan téacs agus eagarthóireacht agus rinne James Hussey as 'Imagination Designs' an leagan amach agus an dearadh foriomlán. Ba mhaith le Comhairle Chontae Chorcaí aitheantas a thabhairt do Glen Dunne as Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus Dan Breen, Coimeádaí, Músaem Poiblí Chorcaí, chun úsáid a bhaint as na híomhánna iomadúla a bhaineann leis an bhfoilseachán seo. Táirgítear 200 uimh. cóipeanna den leabhrán seo.



**Comhairle Contae Chorcaí – Coiste Comórtha**  
Cork County Council Commemorations Committee:

**Cathaoirleach** | Chairperson: Cllr. Frank O'Flynn  
**Leaschathaoirleach** | Vice-Chairperson: Cllr. Susan McCarthy

Cllr. Kevin Conway  
Cllr. Eoghan Jeffers  
Cllr. June Murphy  
Cllr. John Paul O'Shea  
Cllr. Gobnait Ní Mhuineacháin

Cllr. Kay Dawson  
Cllr. Noel McCarthy  
Cllr. Kevin Murphy  
Cllr. Bob Ryan



# IRIS

## Dail Éireann

---

AN CEUD TIONÓL

21 IANUAR, 1919

---

ROLLA NA Dála  
BUNREACT NA Dála  
AN FAISNEIS NEAMHSPLEÁDÓICIS  
SCEUL ÓN DáIL ÉUN SAORHDÁISIÚN  
AN DÓIMÁIN  
CLÁR OIBRE POBLACÁNAIGE

---

AR N-A ÉUR FÁ CLÓ  
LE HUGDARAR DáIL ÉIREANN.

---

**2s. 6p.** A LUAC